

| Cuntas ar an Ról | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Innealtóir maidir le Fuinneamh Bia Mara agus Laghdú ar Charbón (Innealtóir Grád III) |
| Conradh: | Conradh sainchuspóra sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (EMFAF) |
| Áit: | D'fhéadfadh an post a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath, nó in aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha BIM (Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin). |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Stiúrthóir Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha |
| Grúpa Seirbhíse: | An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha |



## Achoimre ar an Ról

Cuideoidh an tInnealtóir maidir le Fuinneamh agus Laghdú ar Charbón le tionscadail aistrithe fuinnimh a fhaigheann maoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) a chur i gcrích agus a mheas. Bainfear sin amach trí thacaíocht theicniúil agus sainchomhairle a chur ar fáil don earnáil gabhála agus don earnáil dobarshaothraithe maidir le laghdú fuinnimh agus carbóin. Thar aon ní eile, díreofar sa ról seo ar thacaíocht a thabhairt d'úinéirí soithí éifeachtúlacht bhreosla a mhéadú agus astaíochtaí GHG ar shoithí iascaireachta a laghdú chomh maith le soithí tacaíochta dobharshaothraithe. Cuirfear an tacaíocht sin ar fáil trí shainchomhairle a sholáthar maidir le feabhsuithe ar chórais tiomána, cineálacha breosla, giniúint fuinnimh ar bord, chomh maith le hiniúchtaí fuinnimh a dhéanamh ar bord soithí iascaireachta mar go mbaineann sé le cúnamh deontais faoin EMFAF. Oibreoidh an duine seo go dlúth le Bainisteoir um Chaomhnú Iascaigh BIM ar fhearas iascaireachta atá tíosach ar fhuinneamh agus córais ghaolmhara.

Ina theannta sin, tacóidh an tInnealtóir maidir le Fuinneamh agus Laghdú Carbóin le tionscadail creatlaí oibre BIM a fhaigheann maoiniú faoin EMFAF chomh maith le tionchar na dtionscadal a mheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Tá sé riachtanach do BIM go mbeidh eolas mionsonraithe ar dhearadh agus feidhmiú soithí ag an iarratasóir a n-éireoidh leis/léi agus gur féidir leis/léi oibriú leis an earnáil bia mara agus le húinéirí aonair chun an t-aistriú fuinnimh ó bhreoslaí iontaise a chur chun cinn mar ionchur don Chomhaontú Glas don Eoraip agus i gcomhréir le beartas Rialtais ar bhearta maidir leis an athrú aeráide.

Beidh an ról seo maoinithe faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF 2021 go 2027).



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Céim Baitsiléara nó ardchéim san Innealtóireacht Mheicniúil/Mhara nó disciplín a bhaineann go díreach leis sin.
- Taithí ábhartha iar-cháilíochta 5 bliana ar a laghad ar ailtireacht chabhlaigh, innealtóireachta mhara, suirbhéireacht loinge nó taithí ar bheith i d'innealtóir ar bord soitheach iascaireachta tráchtála.
- Taithí ar innealtóireacht maidir le laghdú carbóin lena n-áirítear eolas ar theicneolaíochtaí nuálacha maidir le laghdú carbóin.
- Eolas ar dhearadh soithí iascaireachta agus oibríochtaí iascaireachta.
- Scileanna comhoibrithe lena n-áirítear obair foirne, ag obair le foirne tionscadail dáilte agus forbairt líonra gairmiúil agus cruthúnas air sin.
- Tuiscint láidir ar chórais bainistithe carbóin, ar chaighdeáin agus ar phróisis rialachais.
- Ábalta oibriú gan mhaoirsiú agus ábalta a léiriú go bhfuiltear in ann é sin a dhéanamh ar do chonláin féin.
- Ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach ar gach leibhéal sa scríobh agus ó bhéal.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Eolas ar earnáil gabhála agus earnáil dobharshaothraithe na hÉireann.
- Eolas ar bheartas cabhlaigh agus ceadúnaithe na hÉireann.
- Eolas ar chodanna ábhartha den Chomhbheartais Iascaigh maidir le beartas cabhlaigh.
- Eolas ar chláracha maoinithe AE lena n-áirítear an EMFAF agus Fís Eorpach.
- Eolas ar riachtanais rialála agus aicme maidir le soithí iascaireachta.

